# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

## CINNEADH NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS

**an 7 Feabhra 2023**

**maidir le laethanta saoire oifigiúla agus tréimhsí na saoire breithiúnaí**

(2023/C 104/02)

Tá AN CHÚIRT,

ag féachaint d'Airteagal 24(2), (4) agus (6) de na Rialacha Nós Imeachta,

de bhrí go bhfuil sé riachtanach i gcomhréir leis an bhforáil sin liosta na laethanta saoire oifigiúla a bhunú agus dátaí na saoire breithiúnaí a chinneadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Bunaítear liosta na laethanta saoire oifigiúla de réir bhrí Airteagal 24(4) agus (6) de na Rialacha Nós Imeachta mar seo a leanas:

— Lá Caille,

— Luan Cásca,

— an 1 Bealtaine,

— an 9 Bealtaine,

— an Deascabháil,

— Luan Cincíse,

— an 23 Meitheamh,

— an 15 Lúnasa,

— an 1 Samhain,

— an 25 Nollaig,

— an 26 Nollaig.

*Airteagal 2*

Don tréimhse idir an 1 Samhain 2023 agus an 31 Deireadh Fómhair 2024, is mar seo a leanas a shocraítear dátaí na saoire breithiúnaí de réir bhrí Airteagal 24(2) agus (6) de na Rialacha Nós Imeachta:

— Nollaig 2023: ón Luan, an 18 Nollaig 2023 go dtí an Domhnach, an 7 Eanáir 2024, an dá lá sin san áireamh,

— Cáisc 2024: ón Luan, an 25 Márta 2024 go dtí an Domhnach an 7 Aibreán 2024, an dá lá sin san áireamh,

— Samhradh 2024: ón Máirt, an 16 Iúil 2024 go dtí an Satharn, an 31 Lúnasa 2024, an dá lá sin san áireamh. .

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 7 Feabhra 2023.

| *Cláraitheoir* | *Uachtarán* |
|---|---|
| A. CALOT ESCOBAR | K. LENAERTS |